An Roinn Gnóthaí Eachtrachta
Department of Foreign Affairs

# Ráiteas Straitéise 2021-2023

## Teachtaireacht ón Aire



Tá lúcháir orm Ráiteas Straitéise na Roinne Gnóthaí Eachtracha don tréimhse 2021-2023 a chur faoi do bhráid. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo príomhthosaíochtaí mo Roinne do na trí bliana amach romhainn mar aon leis an gcaoi a seachadfaimid torthaí fiúntacha le haghaidh saoránaigh Éireannacha, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, conas a úsáidfimid ár dtionchar ar fud an domhain agus conas a mhéadóimid an tionchar sin.

Bhí tionchar ollmhór ag géarchéim COVID-19ar shochaithe agus ar gheilleagair ar fud na cruinne. Is é an cúram is mó atá ar an Rialtas na dúshláin do shláinte agus folláine ár saoránach a shárú. Teastaíonn rannpháirtíocht domhanda níos doimhne ó Éirinn ag leibhéal an AE, na NA agus ag leibhéil dhéthaobhacha chun téarnamh, agus gach uile gné a bhaineann leis, a bhaint amach, agus leanfaidh mo Roinn a bheith mar cheannaire san iarracht domhanda seo thar ceann ár saoránach.

Is náisiún oileánda muid, agus muid ceangailte le chéile le dlúthpháirtíocht, aontaithe leis an díograis atá againn a bheith páirteach ar stáitse mór an domhain. Breathnaímid amach ar an domhan ón mbonn daingean atá againn anseo inár mbaile comhroinnte san Eoraip. Mar bhall tiomanta den Aontas Eorpach, oibreoimid lenár gcomhghleacaithe san Eoraip chun cuidiú lena chéile le linn na géarchéime seo agus ina diaidh freisin nuair a bheidh ár ngeilleagair á n-atógáil againn. Tá géarghá le bunluachanna an AE, is iad sin, síocháin, dlúthpháirtíocht, comhar níos fearr, saorghluaiseacht, saorthrádáil agus daonlathas, inniu níos mó ná riamh, go háirithe agus muid ag teacht amach ó ghéarchéim COVID-19.

Is bunchloch de bheartas eachtrach na hÉireann a ballraíocht sa NA. Tráth a bhfuil bagairtí domhanda ag éirí níos casta, bagairtí nach mbaineann aon teorann idirnáisiúnta leo, cuir i gcás an t-athrú aeráide agus paindéim, ní bheifear in ann réitigh a chur i bhfeidhm ach le gníomhaíocht agus comhar idirnáisiúnta comhordaithe amháin. Agus muid ag suí ar Chomhairle Slándála na NA do sheisiún 2021-2022, beidh ról tairbheach againn trínár ndúthracht do chothú na síochána, cearta daonna, dí-armáil, forbairt inbhuanaithe agus timpeallacht idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha.

Táimid tiomanta d'oibriú le gach pobal agus le gach traidisiún ar oileán na hÉireann chun comhaontú a thógáil maidir le todhchaí comhroinnte. Beidh Comhaontú Aoine an Chéasta agus meas iomlán do phrionsabal an toilithe mar bhonn is mar thaca faoin gcomhaontú sin.

Oibreoimid chun oileán na hÉireann a chosaint ó na himpleachtaí is measa a bhaineann leis an mBreatimeacht, agus céim nua á baint amach againn leis an stair chomhroinnte atá ag Éirinn agus an Bhreatain, déanfaimid ár ndícheall naisc neartaithe a chothú idir an dá stát d'fhonn ár gcaidreamh déthaobhach a chosaint agus a threisiú.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh trasatlantach idir Éire agus SAM, neartóimid ár gcaidreamh taidhleoireachta, cultúrtha agus eacnamaíoch le SAM ag gach uile leibhéal, agus gníomhóimid mar dhroichead sa chaidreamh trasatlantach idir an AE agus SAM.

Fanfaidh seachadadh seirbhísí consalachta agus pas den chéad scoth dár saoránaigh mar cheann dár bpríomhthosaíochtaí. Tá ár ndiaspóra domhanda mar chuid ríthábhachtach dár dteaghlach Éireannach níos leithne agus leanfaidh mo Roinn ag oibriú leis an ndiaspóra chun an caidreamh bunriachtanach seo a chothabháil agus a neartú.

Is bunghné dár mbeartas eachtrach foriomlán agus ár láithreacht thar lear é clár Chúnamh Forbartha Thar Lear na hÉireann, clár a chuireann ar chumas na tíre freagairt ar riachtanais chasta an duine agus ar ghéarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain. Is tráthúil go ndéanfaimid ár n-uaillmhian a threisiú anois agus tá an Rialtas tiomanta dár sprioc de 0.7% d'OIN a chaitheamh ar chomhar forbartha thar lear a bhaint amach, agus don obair a dhéanaimid chun na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme.

Cuirfidh Éire tacaíocht ar fáil do na tíortha is boichte agus is leochailí maidir le turraingí aeráide agus cinnteoimid go gcuirfear an t-athrú aeráide san áireamh mar phríomhthéama i bhforbairt straitéisí áit a bhfuil clár comhair forbartha suntasach ag Éirinn, lena n-áirítear Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha. Mar náisiún beag oileánda muid féin, beimid inár gceannairí ag tabhairt dea-shampla ag cosaint ár n-aigéan agus cuirfimid béim ar an athrú aeráide mar thosaíocht inár rannpháirtíocht iltaobhach.

Tá sé de chúram ag ár Misin thar lear Éire a chur chun cinn, margaidh nua agus deiseanna le haghaidh gnó Éireannach a shainaithint agus saoránaigh na hÉireann a chosaint agus tacú leo. Leanfaimid ag cur Éire Dhomhanda 2025 i bhfeidhm agus maidir leis na hacmhainní atá ar fáil, féachfaimid lenár lorg domhanda a mhéadú faoi dhó.

Táim ag súil go mór le hoibriú le mo chomhghleacaithe, Colm Brophy, T.D., an tAire Stáit don Diaspóra agus don Fhorbairt Idirnáisiúnta agus Thomas Byrne T.D., an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, agus le mo chomhghleacaithe ar fud an Rialtais agus leis na hoifigigh dhíograiseacha agus chumasacha i mo Roinn féin, in Éirinn agus thar lear, chun na tosaíochtaí seo a sheachadadh sna blianta beaga amach romhainn.

**Simon Coveney, T.D.**
**Aire Gnóthaí Eachtracha**

## Réamhfhocal ón Ard-Rúnaí



Leagtar amach fís, misean agus cuspóirí na Roinne Gnóthaí Eachtracha do na trí bliana amach romhainn go dtí 2023 sa Ráiteas Straitéise seo.

Forbraíodh é tar éis rannpháirtíocht an Aire Coveney i gCoiste an Oireachtais ar Ghnóthaí Eachtracha agus Cosanta, mar aon le comhairliúchán lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais agus machnamh inmheánach.

Níl aon duine dúinn in amhras faoi scála na ndúshlán atá romhainn sna trí bliana amach romhainn. Beidh iarmhairtí shuntasacha fadtéarmacha ag na turraingí eacnamaíocha agus sóisialta atá le brath ar fud na cruinne mar thoradh ar phaindéim COVID-19 ar na seirbhísí poiblí a chuirimid ar fáil. Beidh orainn a chinntiú go dtabharfaimid tús áite do shábháilteacht ár saoránach, dár dtéarnamh eacnamaíoch, do shláinte phoiblí an domhain, d'athrú aeráide agus d'inbhuanaitheacht san obair a dhéanfaimid. Dá réir sin, ní mór dúinn coinneáil suas, mar eagraíocht, le héilimh ár saoránach agus ár bpáirtithe leasmhara de réir mar a athraíonn na héilimh sin.

Beidh orainn leanúint ar aghaidh ag cur an chaoi ina mbímid ag obair in oiriúint le haghaidh tosca oibre nua agus diúltacha i gcásanna ar leith. Is í an acmhainn is mó atá againn ár lucht saothair oilte agus acmhainneach de státseirbhísigh díograiseacha in Éirinn agus thar lear. Mar Ard-Rúnaí, cinnteoidh mé go dtacóimid leis an acmhainn sin agus go ndéanfaimid í a fhorbairt a oiread agus is féidir.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo ár luachanna comhroinnte mar eagraíocht, is iad sin, tacú leis an éagsúlacht agus í a chur chun cinn; comhionannas inscne agus caitheamh cóir agus cothrom gach uile dhuine; éiteas an ionracais; na caighdeáin agus an ghairmiúlacht is fearr; ceannaireacht agus sármhaitheas; cultúr bunaithe ar fhreagracht, nuálaíocht, trédhearcacht agus éifeachtacht; ag cur seirbhís ar fáil dár saoránaigh ar an gcaighdeán is airde.

Ag tacú leis na hiarrachtaí náisiúnta agus domhanda le hastaíochtaí carbóin a laghdú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn, tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha tiomanta dár lorg carbóin a íoslaghdú agus do bhéim a chur ar an inbhuanaitheacht agus í i gcroílár ár n-oibríochtaí sa bhaile in Éirinn agus thar lear ar feadh shaolré na straitéise seo.

**Niall Burgess**
**Ard-Rúnaí**

## Misean agus Luachanna na Roinne

**Misean:** Is é is misean leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha freastal ar mhuintir na hÉireann, a luachanna agus a rath agus a suimeanna a chur chun cinn thar lear, agus na hinniúlachtaí, anailís agus cumhacht a sholáthar do rialtas na hÉireann le cinntú go mbaineann an tír an tairbhe is mó as gach réimse dá rannpháirtíocht sheachtrach.

**Luachanna:** Is iad seo a leanas luachanna eagraíochtúla na Roinne Gnóthaí Eachtracha: **Éagsúlacht; Ionracas; Ceannaireacht; Seirbhís; Sármhaitheas.**

# Na Dúshláin, Rioscaí agus Deiseanna is Mó inár dTimpeallacht Oibríochta

Cuireann an Ráiteas Straitéise seo creat ar fáil le haghaidh léiriú thiomantas na Roinne seo faoi Chlár an Rialtais – Ár dTodhchaí Comhroinnte, agus na téamaí a leagtar amach sna beartais seo a leanas: An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú; Domhan Níos Fearr: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta; agus, Éire Dhomhanda: Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025.

Bhí tionchar ag géarchéim COVID-19a thit amach in 2020 ar shochaithe agus ar gheilleagair ar fud an cruinne agus beidh impleachtaí fadtéarmacha aici ar ár ndomhan. Cuireadh iallach ar rialtais agus ar eagraíochtaí de gach cineál a múnlaí oibríochtaí traidisiúnta a athfhorbairt agus athsmaoineamh a dhéanamh ar a dtosaíochtaí mar gheall ar an bpaindéim, ach bhí orthu trádmhalartuithe deacra a dhéanamh maidir leis an tionchar a bheadh ag na roghanna sin ar an tsláinte phoiblí agus ar dhúshláin gheilleagracha agus shóisialta.

Anuas ar an tubaiste shláinte agus dhaonna a bhaineann le COVID-19, spreag an phaindéim géarchéim eacnamaíoch thromchúiseach freisin. Tá éiginnteacht ann faoi chúrsa na paindéime amach anseo agus níl aon dabht go bhfanfaidh na hiarmhairtí socheacnamaíocha linn ar feadh tréimhse fhada. Beidh iarracht téarnaimh na hÉireann, agus gach uile ghné a bhaineann leis an téarnamh sin, i gcroílár ár gcuid oibre. Beidh ár mballraíocht san Aontas Eorpach mar bhonn is mar thaca faoin ár straitéis téarnaimh. Déanfaimid iarracht ghasta, éifeachtach agus fhreagrúil a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar ionchais ár n-earnála gnó agus ár saoránach a chinntiú ag neartú comhoibrithe agus comhair le Gníomhaireachtaí Stáit agus le Ranna Rialtais trí chur chuige athnuaite faoin teideal Foireann na hÉireann. Bainfimid an aidhm seo amach má dhéanfaimid ár n-inniúlachtaí, in Éirinn agus thar lear, a neartú agus a eagrú, go háirithe ár ndiaspóra, ár misin thar lear agus ár líonra de chaidrimh.

Cuireann dúshlán na paindéime deiseanna ar fáil dúinn chun an chaoi a n-oibrímid a oiriúnú, ionas go mbeidh an tionchar is mó againn chun ár dtosaíochtaí a bhaint amach. Tá dúshláin áirithe i ndán d'Éirinn sa chéad trí bliana amach romhainn maidir le hiarmhairtí polaitiúla agus geilleagracha aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach a bhainistiú. Tógfaidh an Rialtas ar an mbunobair a leagadh amach i gComhaontú Aoine an Chéasta chun síocháin, rathúnas agus athmhuintearas i dTuaisceart Éireann a fheabhsú agus chun comhar agus caidrimh Thuaidh-Theas a neartú. Tarraingeoidh an Rialtas ar phríomhphrionsabail an Chomhaontaithe - toiliú agus meas do gach traidisiún ar an oileán seo - sna hiarrachtaí a dhéanfaimid chun teacht ar chomhaontú faoi thodhchaí comhroinnte. Táimid i gcéim úrnua sa chaidreamh leis an gcomharsa is cóngaraí dúinn tar éis aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, agus tá an Rialtas tiomanta don chaidreamh idir an Bhreatain agus Éire a fhorbairt agus a neartú sna tosca nua sin, lena n-áirítear trí Athbhreithniú Straitéiseach.

Beidh sé ríthábhachtach go bhféachfaimid le tionchar a imirt agus treo an Aontais Eorpaigh amach anseo a stiúradh trí rannpháirtíocht mhéadaithe lenár sé chomhpháirtí is fiche agus le hinstitiúidí an AE. Beidh dlúthcheangal i gcónaí idir folláine mhuintir agus gheilleagar na hÉireann agus rath an tionscadail Eorpaigh.

A dháiríre is atá na tionchair gheilleagracha a bhí ag COVID-19 in Éirinn, ní féidir iad a chur i gcomparáid fiú leis na hiarmhairtí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an víreas sa Domhan Theas. Is bunghné dár mbeartas eachtrach foriomlán agus ár láithreacht thar lear é clár Chúnamh Forbartha Thar Lear na hÉireann, clár a chuireann ar chumas na tíre freagairt ar riachtanais chasta an duine agus ar ghéarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain. Chuir paindéim COVID-19 béim ar an tábhacht a bhaineann le taidhleoireacht sláinte agus an tsláinte phoiblí domhanda a chur le beartas eachtrach mar shaincheist lárnach ann.

Beidh na deich mbliana amach romhainn ríthábhachtach má táimid chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta, géarchéim atá ag bagairt ar ár sábháilteacht ar an bpláinéad seo amach anseo. Beidh gníomhartha, athruithe in iompar agus tiomantais d'athrú a chur i bhfeidhm chun tacú leis an aeráid agus le tosaíochtaí dícharbónaithe ina mbunphrionsabal ag an Straitéis seo sa trí bliana amach romhainn.

## Comhairliúchán

Thug comhairliúchán thar Ranna Rialtais, leis an Oireachtas trí Comhchoiste an Oireachtas ar Ghnóthaí Eachtracha agus Cosanta agus próiseas comhairliúcháin inmheánach leis an bhfoireann uile bonn eolais faoi ullmhú an Ráitis Straitéise seo.

## Cearta an Duine agus Measúnú Comhionannais agus Breithnithe

I gcomhréir lenár ndualgais faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, de chuid na hÉireann, tá an Roinn tiomanta dá beartais, nósanna imeachta agus seirbhísí ar fud a réimsí gnó a phrofáil le cinntiú go gcomhlíonfaimid ár gceanglais i réimse chearta an duine agus comhionannais. Tabharfaidh an Roinn faoi mheasúnú ar na saincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann lena feidhmeanna chun gníomhartha fiúntacha a shainaithint ar féidir iad a ghlacadh chun cinn i gcomhréir lenár ndualgais faoin Acht.

## Cur chun feidhme, Faireachán agus Athbhreithniú

Beidh an Ráiteas Straitéise seo mar bhunús d'eagraíocht agus bainistíocht na Roinne sna trí bliana amach romhainn. Beidh na cuspóirí straitéiseacha, na torthaí agus an t-aschur mar bhonn eolais faoi agus mar threoir don phróiseas pleanála gnó bliantúil agus don phróiseas bainistíochta riosca. Socróidh na gníomhartha dírithe a shainaithneofar tríd an bpróiseas pleanála gnó cinntí faoi chuspóirí aonair agus foirne tríd an gCóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta a fheidhmiú.

Beidh dul chun cinn maidir le seachadadh na Straitéise faoi réir athbhreithnithe rialta agus foilseoimid Tuarascáil Bhliantúil ina dhéanfar machnamh ar an dul chun cinn a baineadh amach i ndáil le seachadadh na dtosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo.

Tá an Roinn tiomanta do chur chuige oscailte agus freagrach dá rannpháirtíocht leis an bpobal agus leis an Oireachtas a chinntiú. Is féidir mionsonraí ar an méid sin agus ar struchtúir agus dáiltí freagrachta don Roinn a aimsiú ina Chreat don Rialachas Corparáideach.

## Spriocanna Straitéiseacha Ardleibhéil

**Cuspóir 1 - Ár Muintir:** Freastal ar mhuintir na hÉireann, agus iad in Éirinn agus thar lear, agus athmhuintearas agus comhar a chur chun cinn
**Cuspóir 2 - Ár nEoraip:** Leasanna, tionchar agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn inár nEoraip chomhroinnte
**Cuspóir 3 - Ár Luachanna:** Oibriú chun domhan níos cothroime, níos córa agus níos inbhuanaithe a bhaint amach
**Cuspóir 4 - Ár Rathúnas:** Rathúlacht na hÉireann a chur chun cinn ag leathnú an tionchar atá againn agus ag cur ár leasanna chun cinn go hidirnáisiúnta
**Cuspóir 5 -Ár nÉifeachtacht:** Ár n-éifeachtacht agus ár n-acmhainn a mhéadú chun ár spriocanna a bhaint amach

| Cuspóir 1 - Ár Muintir: Freastal ar mhuintir na hÉireann, agus iad in Éirinn agus thar lear, agus athmhuintearas agus comhar a chur chun cinn | |
|---|---|
| **Torthaí** | **Príomhaschuir** |
| **Síocháin agus dul chun cinn marthanach agus athmhuintearas feabhsaithe i dTuaisceart Éireann, comhar Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar méadaithe, forbairt bhreise ar an ngeilleagar uile-oileáin agus comhaontú a fhorbairt maidir le todhchaí comhroinnte** | Tacaíocht le haghaidh fheidhmiú seasmhach agus éifeachtach na n-institiúidí uile faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta; dul chun cinn marthanach ag chur Comhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe ina dhiaidh chun feidhme, lena n-áirítear Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua; Comhaontú Theach Stormont a chur chun cinn; institiúidí oidhreachta; agus dul chun cinn a dhéanamh ar rúin Dála |
| | Coinnigh cur chun feidhme iomlán agus rathúil an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar Prótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann, de chuid an AE agus na Ríochta Aontaithe, a dearadh le teorainn chrua ar oileán na hÉireann a chosc agus le sláine an Mhargaidh Aonair agus an ról atá ag Éirinn sa mhargadh sin a chosaint |
| | Tiomantais maidir le comhar Thuaidh-Theas a neartú, lena n-áirítear trí cruinnithe leathbhliantúla de Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas i bhformáid iomlánach agus cruinnithe earnála ag leibhéal na nAirí, agus ag tacú leis an obair a bhíonn i mbun ag na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas |
| | Tacaíocht láidir agus rannpháirtíocht le hAonad an Oileáin Chomhroinnte laistigh de Roinn an Taoisigh, ag oibriú le chéile chun comhaontú maidir le hoileán comhroinnte a fhorbairt |
| | Caidreamh déthaobhach láidir a thógáil leis an Ríocht Aontaithe, ina léirítear ár ndlúthcheangail pholaitiúla, eacnamaíocha, agus dhaonna, le hathbhreithniú straitéiseach ar an gcaidreamh idir an Bhreatain agus Éire agus creat feabhsaithe le haghaidh rannpháirtíocht pholaitiúil ardleibhéil (lena n-áirítear trí Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann agus Comhairle na Breataine-na hÉireann), agus cinntiú go leanfar leis an gcomhar domhain sin idir an dá oileán |
| | Leanúint le tacaíocht bhliantúil le haghaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí phoiblí trí Chiste Athmhuintearais na Roinne; straitéis nua don Chiste Athmhuintearais; tacaíocht don obair a dhéanann an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn; rolladh amach clár ionchuimsitheach don dara céim de 'Deich mBliana na gCuimhneachán' |
| **Seirbhísí pas agus consalachta atá nua-aimseartha agus inrochtana a chur ar fáil dár saoránaigh ag baint an leas is fearr as ardáin dhigiteacha** | Freastal go héifeachtúil ar an éileamh atá ann le haghaidh pasanna agus Clárúchán Breitheanna Coigríche ag leanúint le hathchóiriú agus digitiú agus ardleibhéil slándála agus riachtanais chosanta sonraí a chinntiú ag an am céanna |
| | Cuirtear comhairle consalachta, cúnamh agus seirbhísí atá éifeachtúil agus éifeachtach ar fáil dár saoránaigh, i gcomhréir lenár dtiomantais i Straitéis Consalachta 2019-2022, lena n-áirítear trí líonra neartaithe de Chonsail Oinigh agus go háirithe mar fhreagairt ar thionchar COVID-19 |
| | Cuir le cinntí Rialtais maidir le comhairle taistil do shaoránaigh na hÉireann, go háirithe i bhfianaise COVID-19, lena n-áirítear ag dul i gcomhairle le Ballstáit eile de chuid an AE, mar is iomchuí |
| **Níos mó ceangal ar fud agus i measc ár bpobal diaspóra d'fhonn ár dtionchar a leathnú, tacú lenár n-eisimircigh agus tairbhe a bhaint as cuidiú ón diaspóra chun tacú le téarnamh geilleagrach** | Cinntigh go bhfanann leas shaoránaigh na hÉireann thar lear i gcroílár ár dtacaíocht don diaspóra, go mór mór na daoine is leochailí agus go háirithe daoine a raibh tionchar ag COVID-19 orthu, lena n-áirítear trí Chlár Tacaíochtaí Imirceach agus trí Straitéis Diaspóra nua an Rialtais a chur chun feidhme |
| | Glac páirt sa phleanáil agus sa chumarsáid a dhéanfar maidir le reifreann ar an toghchóras maidir le toghcháin uachtaránachta a shíneadh chuig saoránaigh Éireannacha a chónaíonn lasmuigh den Stát |
| | Tacaigh le daoine ar mian leo filleadh ar Éirinn agus téigh i ngleic leis na bacainní atá rompu; tóg ceangail nua leis an diaspóra neamhthraidisiúnta; forbairt deiseanna oideachais agus oibre in Éirinn le haghaidh daoine den tríú agus den cheathrú glúin de dhiaspóra na hÉireann |
| | Díriú ar rannpháirtíocht an diaspóra d'fhonn an cuidiú le téarnamh an gheilleagair a neartú |

| | |
|---|---|
| | Lean leis an dlúthchomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt chun seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach víosa a chur ar fáil thar lear tríd ár líonra de Mhisin |
| **Cuspóir 2 - Ár nEoraip: Leasanna, tionchar agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn inár nEoraip chomhroinnte** | |
| **Torthaí** | **Príomhaschuir** |
| **Cosnaíonn Éire a leasa agus cuireann sí na leasa sin chun cinn san AE, lena n-áirítear maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an Ríocht Aontaithe, agus déanann sí forbairt an Aontais amach anseo a mhúnlú go réamhghníomhach trí chomhar níos dlúithe lenár gcomhpháirtithe Eorpacha** | Comhar déthaobhach feabhsaithe lenár bpáirtithe san Eoraip trínár líonra de mhisin a neartú agus a threisiú, ag forbairt comhghuaillíochtaí nua agus reatha agus leibhéal ard rannpháirtíochta a choinneáil |
| | Soiléirigh comhleanúnachas an Rialtais uile ar shaincheisteanna AE agus ar cúrsaí a bhaineann leis an AE a chur chun feidhme i gClár an Rialtais |
| | Infheistíocht neartaithe i dtionchar agus láithreacht na hÉireann a thógáil ar thosaíochtaí beartas AE, in institiúidí AE agus san anailís a dhéantar ar bheartais agus forbairtí institiúideacha laistigh den AE agus dá Bhallstáit |
| | Cumarsáid agus teagmháil díreach le páirtithe leasmhara baile maidir le tosaíochtaí AE na hÉireann agus ról an AE ag an leibhéal domhanda |
| | Caidreamh idir AE agus an Ríocht Aontaithe amach anseo ina ndéantar leasa agus cuspóirí na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn |
| **Rannchuidiú láidir chun beartais sheachtracha AE a chur chun feidhme agus chun síocháin agus slándáil san Eoraip agus sa limistéar mórthimpeall agus sa chaidreamh idir AE agus SAM** | Cinntigh go ndéantar luachanna, leasa, tosaíochtaí agus tiomantais na hÉireann a chomhtháthú i bhforbairt Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an AE agus ina bheartais sheachtracha, lena n-áirítear CBSC, forbairt comhair, cearta an duine, trádáil agus méadú |
| | Tacaigh le hiarrachtaí an AE chun síocháin, slándáil agus réitigh inbhuanaithe ar ghéarchéimeanna agus coinbhleachtaí san Eoraip agus sa limistéar mórthimpeall a chur chun cinn, lena n-áirítear trí eagraíochtaí iltaobhacha amhail an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus Comhairle na hEorpa |
| | Tacaigh le ról ceannaireachta an AE maidir leis an ord domhanda riailbhunaithe a chosaint, agus é sin bunaithe ar chóras na NA, agus tacaigh le hiarrachtaí le cumas an AE chun luachanna agus leasa an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint go cinnte, go héifeachtach agus go straitéiseach ar fud an domhain agus in eagraíochtaí iltaobhacha |
| | Gníomhú mar dhroichead sa chaidreamh trasatlantach idir an AE agus SAM |
| **Cuspóir 3 - Ár Luachanna: Oibriú chun domhan níos cothroime, níos córa agus níos inbhuanaithe a bhaint amach** | |
| **Torthaí** | **Príomhaschuir** |
| **Domhan Slán: Timpeallacht idirnáisiúnta seasta agus sheasmhach atá bunaithe ar rialacha** | Cuir le cothabháil síocháin agus slándáil idirnáisiúnta ar bhonn leanúnach, go háirithe le linn na tréimhse a mbeidh suíochán againn ar Chomhairle Slándála na NA, idir 2021 agus 2022, ag cinntiú go léirítear luachanna na hÉireann inár gcruinnithe déthaobhacha agus iltaobhacha |
| | Oibriú chun síochánaíocht agus athchóiriú síochánaíochta a neartú agus ról gníomhacha a ghlacadh i bhforbairt Bheartas Slándála agus Cosanta na hEorpa, lena n-áirítear rannpháirtíocht i misin mhíleata bhainistíochta géarchéime arna sainordú ag na NA agus arna treorú ag an AE, mar aon le misin shibhialta de chuid an AE |
| | Réiteach coinbhleachtaí agus athshlánú iarchoinbhleachta a chur chun cinn mar aon le rannpháirtíocht fhiúntach na mban, na hóige agus na sochaí sibhialta sna próisis sin, ag tarraingt ar an taithí atá againn cheana féin ar chothú na síochána agus ar an tsíocháin a choimeád |
| | Oibriú go gníomhach chun dí-armáil, neamhiomadú agus rialú arm a bhaint amach, mar chuid de chur chuige comhtháite le haghaidh bainistíochta coinbhleachta, cearta an duine agus forbartha inbhuanaithe |

| | |
|---|---|
| | Cibearspás domhanda sábháilte, slán, saor in aisce agus oscailte a chosaint agus a chur chun cinn, agus dul i ngleic leis an scoilt digiteach domhanda agus an scoilt digiteach inscne |
| **Domhan Cóir: Cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint go hidirnáisiúnta** | Clár gnó láidir maidir lecearta an duine a chur chun cinn, agus béim ar leith ar na daoine is leochailí, trínár mballraíocht san AE, sna NA, san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus in eagraíochtaí iltaobhacha eile, agus trínár gcomhphlé déthaobhach |
| | Troid ar son riail an dlí agus freagracht idirnáisiúnta |
| **Domhan Níos Cothroime: Dul chun cinn maidir le deireadh a chur le bochtaineacht agus le hocras agus fás geilleagrach ionchuimsitheach** | Clár cúnaimh ardchaighdeáin a sheachadadh chun tacú le tiomantas an Rialtais 0.7% d'Ollioncam Náisiúnta a chaitheamh ar Chúnamh Oifigiúil Forbartha faoin mbliain 2030 |
| | Cúnamh daonnúil prionsabálta, forbairt athléimneachta agus idirnascadh neartaithe idir obair síochána, forbartha agus daonnúil |
| | Fás geilleagrach ionchuimsitheach agus trádáil chothrom a chur chun cinn ag tacú le tionscnaimh a fhéachann le trádáil agus infheistíocht a chothú mar aon le bainistíocht inbhuanaithe fiachas i dtíortha i mbéal forbartha |
| | Méadaigh leithdháiltí na hÉireann le haghaidh idirghabhálacha a bhaineann go díreach le comhionannas inscne a bhaint amach, agus déanfaimid rannpháirtíocht a mhéadú chun inscne a chomhtháthú i ngach ceann de na hidirghabhálacha agus inár mbeartas eachtrach níos leithne |
| | Cuir le beartas comhtháite Rialtais ar an imirce |
| **Domhan Inbhuanaithe: Creat le haghaidh forbartha inbhuanaithe ina dtéitear i ngleic leis an athrú aeráide, sláinte phoiblí agus téarnamh geilleagrach inbhuanaithe** | Cinntigh go dtacaíonn Cúnamh Forbartha Thar Lear na hÉireann le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA |
| | Rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhordú uile-Rialtais agus rannpháirtíocht láidir iltaobhach maidir le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na NA, a bhfuil sé mar aidhm leo deireadh a chur le bochtaineacht, neamhionannas a laghdú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, a chur chun feidhme in Éirinn |
| | Cuir leis an méadú ar mhaoiniú aeráide agus neartaigh an tAonad Aeráide laistigh den Roinn d'fhonn cur leis an obair atá i mbun ar fhreagairt na hÉireann ar ghéarchéim dhomhanda an aeráide, lena n-áirítear rannpháirtíocht a neartú le ranna rialtais eile ar bheartas agus maoiniú idirnáisiúnta don athrú aeráide |
| | Lean ar aghaidh ag tacú le hiarrachtaí sláinte domhanda chun téarnamh ó COVID-19 a éascú i gcomhthéacsanna níos soghonta agus níos leochailí trí chlár sláinte déthaobhach, iarrachtaí iltaobhacha agus an fhreagairt domhanda '*Foireann na hEorpa',* lena n-áirítear maidir le taighde ar vacsaíní agus rochtain ar chúram sláinte |
| | Cuir tacaíocht ar fáil do na tíortha is boichte agus is leochailí maidir le turraingí aeráide agus cinnteoimid go gcuirfear an t-athrú aeráide san áireamh mar phríomhthéama i bhforbairt straitéisí na tíre, áit a bhfuil clár comhair forbartha suntasach ag Éirinn, lena n-áirítear Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha agus ag tacú le hidirghabhálacha a bhaineann go díreach le haigéin agus leis an ngeilleagar gorm |
| **Cuspóir 4 - Ár Rathúnas: Rathúlacht na hÉireann a chur chun cinn ag leathnú an tionchar atá againn agus ag cur ár leasanna chun cinn go hidirnáisiúnta** | |
| **Torthaí** | **Príomhaschuir** |
| **Méadú ár lorg domhanda faoi dhó agus bain tairbhe as ár gcumas in Éirinn agus thar lear le cinntiú go bhfuil téarnamh geilleagrach náisiúnta na hÉireann i gcroílár an obair a** | Cuir leis an iarracht náisiúnta chun dul i ngleic le tionchar COVID-19, trí threalamh riachtanach a sholáthar, faisnéis ar fhorbairtí idirnáisiúnta na paindéime a chur ar fáil d'oifigigh shláinte agus déantóirí beartas na hÉireann, páirt a ghlacadh san iarracht domhanda chun vacsaíní le haghaidh COVID-19 a sheachadadh |
| | An straitéis '*Éire Dhomhanda*' a chur chun feidhme i ndlúthchomhpháirtíocht le Gníomhaireachtaí Stáit d'fhonn margaidh easportála, infheistíocht isteach, turasóireacht athghiniúnach a dhoimhniú agus a éagsúlú agus chun comhar eolaíochta agus taighde a spreagadh agus a éascú, go háirithe mar fhreagairt ar na dúshláin atá ann mar thoradh ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE agus tionchar geilleagrach COVID-19 |

| | |
|---|---|
| **dhéanaimid, áirítear leis sin obair lenár ndaoine, lenár misin, lenár líonra de chaidrimh agus cur chuige treisithe i leith *Fhoireann na hÉireann*** | Leasa eacnamaíocha agus trádála na hÉireann a chur chun cinn i gcomhthéacsanna iltaobhacha, lena n-áirítear san Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus OECD. |
| | Ár gcaidreamh polaitiúil, taidhleoireachta agus eacnamaíoch le SAM a neartú ag gach leibhéal, ag aithint an tábhacht uathúil a bhaineann lenár gcaidreamh trasatlantach, lena n-áirítear trí Straitéis na hÉireann do na Stáit Aontaithe agus Ceanada 2019-2025 a chur i bhfeidhm |
| | Cur chun feidhme na straitéisí uile-Rialtais do réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, Meiriceá Laidineach, réigiún Mhuir Chairib, an Afraic, an Fhrainc agus don Ghearmáin a chinntiú, agus straitéisí réigiúnacha eile a fhorbairt mar phríomhardán chun rannchuidiú le *Plean Geilleagrach Náisiúnta* an Rialtais agus lena straitéisí earnála eile |
| | Cur chuige '*Foireann na hÉireann*' a neartú d'fhonn dul i bhfód ar an margadh agus éagsúlacht an mhargaidh a chur chun cinn trí cheannaireacht foirne margaidh áitiúla, rannpháirtíocht sa Chomhairle Trádála Easportála agus ag cur an tsamhail '*Teach na hÉireann*' chun cinn |
| | Oibriú go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun straitéis nua le haghaidh trádála agus turasóireachta agus straitéis infheistíochta a fhorbairt agus deiseanna a thagann chun cinn ó Straitéis Tionscail an AE a thapú. Cruthaigh comhghuaillíochtaí le Ballstáit eile de chuid an AE lena roinnimid spriocanna agus leasa comhchoiteanna agus cinntiú go léirítear leasa agus luachanna na hÉireann in aon mholadh maidir le neamhspleáchas straitéiseach AE |
| **Tuiscint idirnáisiúnta ar Éirinn mar áit dheas chun cuairt a thabhairt uirthi, le bheidh i do chónaí inti, le hoibriú, le hinfheistiúinti agus le staidéar a dhéanamh inti, a chur chun cinn** | An clár bliantúil de chuairteanna Airí a chomhordú chun na caidrimh sin a neartú agus le ceangail nua a chruthú thar raon margadh éagsúil, go háirithe trádáil maidir le Lá Fhéile Pádraig atá treoraithe ag Airí agus cuairteanna bolscaireachta ardleibhéil, lena n-áirítear úsáid ardán digiteach mar fhreagairt ar na srianta a bhaineann le COVID-19 |
| | Ról a ghlacadh, ag oibriú le gníomhaireachtaí stáit agus le chomhpháirtithe eile, chun gníomhaíochtaí bolscaireachta dírithe, a thacaíonn lenár gcuspóirí comhroinnte i ndáil le trádáil, infheistíocht, turasóireacht agus oideachas, a sheachadadh, áirítear leis sin láithreacht shoiléir ag EXPO 2020, chun infheictheacht na hÉireann a mhéadú agus ár gcáil idirnáisiúnta a fheabhsú, ag cur Éire chun cinn mar thairseach chuig margaidh AE |
| | Cuir le hiarracht cumarsáide *Foireann na hÉireann* chun infheictheacht na hÉireann a mhéadú agus chun aird a tharraingt ar cháil na tíre mar thír iontach le bheith i do chónaí, le hoibriú, le gnó a dhéanamh, le hinfheistiú agus le cuairt a thabhairt uirthi agus chun an cháil sin a fheabhsú |
| **Rannchuidiú láidir maidir le cáil, infheictheacht agus tionchar na hÉireann a fheabhsú trí mheas idirnáisiúnta níos leithne agus níos doimhne ar ár luachanna, beartais, cultúr agus tionchar domhanda** | Tacaíocht agus maoiniú don obair bholscaireachta agus for-rochtana a dhéanann na Misin, tairbhe a bhaint as an obair sin chun infheictheacht na hÉireann a mhéadú agus ár gcáil idirnáisiúnta a fheabhsú |
| | Cuirtear beartas eachtrach agus tosaíochtaí de chuid '*Éire Dhomhanda'* chun cinn trí thionscnaimh taidhleoireachta dhigiteacha, chultúrtha agus phobail agus tacaíocht le haghaidh na tionscadail is tábhachtaí, amhail Expo 2020 agus cláir in 2022 a dhéanfaidh céad bliain ó bhunú an Stáit agus ó *Ulysses* a cheiliúradh |
| | Straitéis nua chumarsáide chun tuiscint intíre agus idirnáisiúnta ar chlár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann a mhéadú |
| | Clárú coimeádta, acmhainní digiteacha agus saineolais earnála, lena n-áirítear sain-Oifigigh Chultúrtha i suíomhanna tábhachtacha, a sholáthar. Tacaítear le healaíontóirí agus gairmithe cruthaitheacha Éireannacha chun a n-uaillmhianta idirnáisiúnta a fhíorú, lena n-áirítear tríd an líonra de Mhisin |
| | Cuireadh malartú, comhpháirtíocht agus comhthuiscint chultúrtha idir muintir na hÉireann agus daoine agus cultúir eile chun cinn, lena n-áirítear trí infheistíocht straitéiseach in ionaid chultúrtha suaitheanta |
| **Cuspóir 5 - Ár nÉifeachtacht: Ár n-éifeachtacht agus ár n-acmhainn a mhéadú chun ár spriocanna a bhaint amach** | |
| **Torthaí** | **Príomhaschuir** |
| | Ár gcumas a neartú chun caidrimh dhéthaobhacha agus iltaobhacha a threisiú, leathnaigh tionchar domhanda na hÉireann agus tóg ar ár gcumas le freagairt ar an fhreagra leanúnach ar COVID-19 agus ar ghéarchéimeanna domhanda eile, go háirithe an t-athrú aeráide |

| | |
|---|---|
| **Roinn a fhreagraíonn ar fhorbairtí náisiúnta agus domhanda, ag méadú árdtionchair dhomhanda faoi dhó chun spriocanna a sheachadadh dár Rialtas agus dár saoránaigh** | Freagra agus bainistíocht éifeachtach ar an tionchar leanúnach atá ag COVID-19 ar an bhfoireann agus ar oibríochtaí trí bhainistíocht láidir riosca agus an bhainistíocht sin treisithe ag struchtúir leanúnachais gnó agus bhainistíochta géarchéimeanna |
| | *Éire Dhomhanda* a chur chun feidhme d'fhonn lorg domhanda na hÉireann a mhéadú faoi dhá sa tréimhse amach as seo go 2025, ag oscailt Misin nua agus ag neartú rannpháirtíochta i suíomhanna tábhachtacha |
| | Próisis fhorbartha beartas a léirítear dea-chleachtas iontu, agus atá nuálach agus éifeachtach agus a chruthaíonn beartais éifeachtúla, réamhbhreathnaitheacha agus solúbtha le pleananna láidir maidir le cur chun feidhme |
| | Cultúr nuálaíochta a chur chun cinn agus a fhorbairt sa Roinn d'fhonn éifeachtúlacht ár mbeartas agus próiseas a fheabhsú |
| | Plean Gníomhartha de chuid na Roinne maidir le hAireacht Eachtrach Glas a chur chun feidhme d'fhonn lorg carbóin ár gníomhaíochtaí le haghaidh gnóthaí eachtracha a laghdú |
| | Ceannaireacht agus rannpháirtíocht ghníomhach in athchóiriú na hearnála poiblí, lena n-áirítear trí thionscnamh Athnuachana na Státseirbhíse 2030 |
| **Lucht saothair domhanda atá solúbtha agus acmhainneach agus eagraíocht chomhtháite atá iontach mar ionad oibre** | An Straitéis um Acmhainní Daonna 2019-2022 a chur chun feidhme, agus tacaíocht ag an straitéis ó phleanáil straitéiseach don lucht saothair le freagairt ghasta a chinntiú chun ár gcuspóirí a sheachadadh |
| | Cleachtais éifeachtacha bhainistíochta, forbairt chultúr níos fearr maidir le sláinte, sábháilteacht agus slándáil, cumarsáid mhaith inmheánach a chinntiú mar aon le bearta chun acmhainneacht na foirne a neartú ar fud na heagraíochta |
| | Cultúr na dínite agus an mheasa a leabú san ionad oibre, ag cur béim ar inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht |
| | Tacaíochtaí níos láidre dár bhfoireann atá lonnaithe go háitiúil agus thar lear, lena n-áirítear mar fhreagairt ar thionchar COVID-19, lena n-áirítear samhail solúbtha le haghaidh fuascailt dár bhfoireann thar lear agus imlonnú sealadach |
| | Creat Foghlama agus Forbartha nua a chur chun feidhme, ag cothú foirne cumasacha agus lúfara in Éirinn agus thar lear, agus cumas maidir le teangacha iasachta atá i bhfad níos fearr |
| | Straitéis TFC nua agus plean gníomhartha a chur chun feidhme d'fhonn teicneolaíocht a úsáid chun tacú le bealaí oibre nua agus nuálacha agus an leas is fearr a bhaint as gach gné a bhaineann leis an taidhleoireacht digiteach |
| | Straitéis Bhainistíochta Réadmhaoine a chur chun feidhme chun ionaid oibre chuí, shábháilte, shlána agus inbhuanaithe a chur ar fáil sa bhaile agus thar lear, ag cur bealaí nua ina mbítear ag oibriú agus ina mbeifear ag oibriú amach anseo san áireamh |
| **Roinn oscailte agus fhreagrach a sheachadann dea-chleachtas maidir le rialú agus feidhmíocht eagraíochtúil** | Chuir an Bord Bainistíochta ceannaireacht éifeachtach, treoir straitéiseach, bainistiú riosca, forbairt beartas, leanúnachas gnó agus maoirseacht ar fáil, i gcomhréir le Creat don Rialachas Corparáideach na Roinne |
| | Seachadadh faisnéis agus riachtanais seirbhísí poiblí eile na saoránach trí chórais chumarsáide atá oscailte agus trédhearcach agus soláthraíodh láithreacht digiteach ghairmiúil agus éifeachtach |
| | Maoirseacht ghrinn ar bhuiséad na Roinne, lena n-áirítear caiteachas ar Chúnamh Forbartha Thar Lear |
| | Ár n-oibleagáidí corparáideacha a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear maidir le hAthrú Aeráide, an Ghaeilge, Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht taifead, cearta an duine agus comhionannas |
| | Feidhm éifeachtach Measúnachta agus Iniúchóireachta a chothabháil a chuireann measúnú oibiachtúil, ráthú, comhairle agus léargas a sholáthar maidir le feidhmíocht chorparáideach, rialachas, bainistiú riosca agus rialú inmheánach ar fháil don lucht bainistíochta |
| | Tionscadail a sheachadadh go héifeachtúil ag úsáid an dea-chleachtais maidir leis an gcur chuige bainistíochta tionscadal atá á rialú ag Bord Maoirseachta an Chláir |

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs